



**An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**
Department of Housing,
Local Government and Heritage

**Athbhreithniú ar na scéimeanna faoi Chiste na mBailte Croí Cónaithe – Réadmhaoin Fholamh
Deontas Athchóirithe agus Scéim Réidh le Tógáil
(Ráiteas Príobháideachais)**

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiceach agus spásúlachta, as rialtas áitiúil, as réamhaisnéis na haimsire agus as an oidhreacht thógtha agus nádúrtha.

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a dhéanfaidh an Roinn, mar Rialaitheoir Sonraí, sonraí pearsanta a phróiseáil maidir leis an Athbhreithniú atá á dhéanamh ag comhairleoirí seachtracha, conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cad iad na cearta a fhéadfaidh tú a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

Catagóirí sonraí pearsanta

Beidh an Roinn ina rialaitheoir maidir le haon sonraí pearsanta a bheidh á bpróiseáil ag na comhairleoirí le linn an Athbhreithnithe ar na scéimeanna atá maoinithe faoi Chiste na mBailte Croí Cónaithe.

Mar chuid den chomhairliúchán le geallsealbhóirí don Athbhreithniú, rachaidh údarás áitiúla i dteagmháil le líon iarratasóirí a roghnófar go randamach – ag baint úsáid as an ainm, an ríomhphost nó an seoladh poist a cuireadh ar fáil san iarratas ar Dheontas chuig an údarás áitiúil - chun a rannpháirtíocht sa suirbhé a iarraidh. Tá an suirbhé seo go hiomlán gan ainm agus rachaidh gach freagra díreach chuig na comhairleoirí seachtracha.

Ní bhaileoidh na comhairleoirí aon eolas pearsanta agus ní roinnfear aon fhreagraí aonair leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta nó leis an údarás áitiúil. Cuirfear torthaí an tsuirbhé i láthair i bhfoirm chomhiomlán agus ní bheidh aon fhreagraí aonair inaitheanta.

Foinse na sonraí pearsanta

Chuir an t-iarratasóir é/í féin a s(h)onraí pearsanta ar fáil ina (h)iarratas chuig an údarás áitiúil ábhartha.

Cuspóirí na próiseála

Bainfidh na comhairleoirí, thar ceann na Roinne, úsáid as an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil chun eolas a dhéanamh d' Athbhreithniú ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus ar an Scéim Réidh le Tógáil. Déanfaidh an t-údarás áitiúil ábhartha aon teagmháil le hiarratasóirí thar ceann na gcomhairleoirí.

Próifiliú

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i leith an Athbhreithnithe le haghaidh cinnteoireachta uathoibríthe, nó chun críocha próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6 (1) (e) “tá próiseáil riachtanach chun tasc a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir” faoin Acht Airí agus Rúnaithe 1924, Alt 1, IV.

Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochta cuí i bhfeidhm chun do chuid eolais a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, in ainneoin na n-iarrachtaí sin, níl aon bhearta slándála foirfe nó dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne aon tascradh nó aon chineál eile mí-úsáide. Sa chás go gcuirtear do shonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na Roinne i bhfeidhm.

Faighteoirí na sonraí

Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, in imthosca áirithe sa chás go bhforáiltear amhlaidh de réir dlí.

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bhailítear maidir leis an athbhreithniú ar na scéimeanna atá maoinithe faoi Bhailte Croí Cónaithe chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar bailíodh agus ar próiseáladh chucu iad. I gcomhréir le ceanglais reachtúla agus gnó, sa chás seo, is é 10 mbliana an tréimhse coinneála sonraí atá ag údaráis áitiúla maidir le do shonraí pearsanta.

Do chearta

Tá [Beartas Cosanta Sonraí](#) na Roinne, a leagann amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartúcháin, ceart chun scriosta, ceart chun srianadh a phróiseáil, ceart agóide), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá an beartas ar fáil freisin mar chóip chrua ach é a iarraidh. Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí na hÉireann (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

Déan teagmháil linn

Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí agus do shonraí pearsanta á bpróiseáil aici chun na gcríoch a leagtar amach thuas. Tá sonraí teagmhála na Roinne ar fáil ag:

<https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/teagmhail-leis-an-roinn-tithiochta-rialtais-aitiuil-agus-oidhreachta/>

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Roinn chun tacú le comhlíonadh an dlí um chosaint sonraí. Is iad na sonraí teagmhála d'Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne ná:

Oifigeach Cosanta Sonraí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Bóthar an Bhaile Nua

Loch Garman

Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie

Dáta: _____